Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11126 – TOWERBROOK / LOV GROUP / ELOCGA / THE INDEPENDENTS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 187/08)

1. An 22 Bealtaine 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TowerBrook Capital Partners L.P. ('TowerBrook', na Stáit Aontaithe),

— Lov Group / teaghlach Courbit ('LOV Group', an Fhrainc),

— ELOCGA (Lucsamburg),

— The Independents agus a fhochuideachtaí ('The Independents Group', Lucsamburg).

Gheobhaidh TowerBrook, LOV Group agus ELOCGA comhrialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar The Independents Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht bainistithe infheistíochta é TowerBrook a infheistíonn i gcuideachtaí móra agus meánmhéide Eorpacha agus Mheiriceá Thuaidh,

— Is cuideachta sealbhaíochta Fhrancach é LOV Group atá gníomhach go príomha san earnáil siamsaíochta, trí FL Entertainment, agus in earnálacha na n-óstán sóúla agus an bhia. Tá FL Entertainment é féin gníomhach i dtáirgeadh ábhair closamhairc trí Banijay agus san earnáil cearrbhachais ar líne trí Betclic Everest Group,

— Is é ELOCGA cuideachta sealbhaíochta bhunaitheoirí The Independents Group, a dhéanann gnó lasmuigh de The Independents Group san earnáil earraí tomhaltais freisin, agus,

— Is grúpa seirbhísí cumarsáide margaíochta idirnáisiúnta é The Independents Group a oibríonn ar fud an domhain, agus atá gníomhach go príomha sna margaí le haghaidh seirbhísí fógraíochta, margaíochta agus cumarsáide.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11126 – TOWERBROOK / LOV GROUP / ELOCGA / THE INDEPENDENTS

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË